AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.4.2025
COM(2025) 141 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir leis an meastóireacht deiridh ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE 2014 – 2020

{SWD(2025) 76 final}

GA GA

## Clár


1. **RÉAMHRÁ** .......... 2
2. **CUR CHUN FEIDHME AN TIONSCNAIMH MAIDIR LE SAORÁLAITHE CABHRACH AE** .......... 3
3. **PRÍOMHTHORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA** .......... 4

    3.1. **Ábharthacht, comhleanúnachas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht — cé chomh rathúil agus a bhí an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach?** .......... 5

***Ábharthacht*** .......... 5

***Comhleanúnachas*** .......... 5

***Éifeachtacht*** .......... 6

***Éifeachtúlacht*** .......... 7

    3.2. **Breisluach AE – conas a rinneadh difear leis an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE agus cé dó a ndearna sé difear?** .......... 8

4. **CONCLÚIDÍ** .......... 9

## 1. RÉAMHRÁ

Ba chlár de chuid an Aontais é an tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE ('an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE' nó 'an Tionscnamh') a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 375/2014[1], lenar saothraíodh cúig chuspóir oibríochtúla, i gcomhréir le hAirteagal 7:

- Rannchuidiú le cumas an Aontais chun cabhair dhaonnúil a sholáthar a mhéadú agus a fheabhsú.
- Scileanna, eolais agus inniúlachtaí na saorálaithe i réimse na cabhrach daonnúla agus téarmaí agus coinníollacha a rannpháirtíochta a fheabhsú.
- Acmhainn ósteagraíochtaí a fhorbairt agus saorálaíocht i dtríú tíortha a chothú.
- Prionsabail cabhrach daonnúla an Aontais a comhaontaíodh sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil a chur in iúl.
- Cur le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht na saorálaíochta ar fud na mBallstát chun deiseanna do shaoránaigh an Aontais a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus oibríochtaí daonnúla a fheabhsú.

I gcomhréir le hAirteagal 27(4)(d) den Rialachán seo, tá an mheastóireacht deiridh ar an Tionscnamh le linn na tréimhse 2014-2020 déanta ag an gCoimisiún Eorpach. Tacaíodh leis an meastóireacht deiridh sin le dhá staidéar sheachtracha (a rinneadh in 2021 agus ó mhí an Mheithimh 2023 go mí na Nollag 2024) agus le comhairliúcháin.

Rinneadh measúnú ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach an Tionscnaimh leis an meastóireacht.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh an Tionscnamh: (i) freagrúil do riachtanais na saorálaithe a bhí rannpháirteach sa Tionscnamh; agus (ii) ailínithe leis an gcuspóir feabhas a chur ar scileanna agus ar eolas na saorálaithe i réimse na cabhrach daonnúla araon. Leis an Tionscnamh, rinneadh an méid seo a leanas freisin: (i) freagraíodh don ghá atá le tacú le fothú acmhainneachta na n-ósteagraíochtaí; (ii) cuireadh saorálaíocht chun cinn i dtíortha nach de chuid an Aontais iad; agus (iii) cuireadh breisluach AE ar fáil trí rannchuidiú le caighdeáin choiteanna maidir le hobair dheonach i gcabhair dhaonnúil ar fud Bhallstáit den Aontas Eorpach. Leis an Tionscnamh seo, baineadh an leas is fearr as láithreacht dhomhanda an Aontais chun feabhas a chur ar imlonnú saorálaithe, rud a chuir ardán ar fáil do dhaoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fiúntacha cabhrach daonnúla i dtíortha nach de chuid an Aontais iad.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann léi, tugtar mionsonraí maidir le torthaí na meastóireachta, na comhairliúcháin agus an modheolaíocht.

[1] IO L 122, 24.4.2014, lch. 1–17. Níl an Rialachán seo i bhfeidhm a thuilleadh toisc gur aisghaireadh é le Rialachán (AE) 2021/888 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

## 2. CUR CHUN FEIDHME AN TIONSCNAIMH MAIDIR LE SAORÁLAITHE CABHRACH AE

Nuair a tháinig sé i bhfeidhm in 2009, rinneadh foráil le hAirteagal 214(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chruthú, arbh é an cuspóir a bhí leis ‘creat a bhunú chun go bhféadfaidh Eorpaigh óga rannchuidiú go comhpháirteach le hOibríochtaí Cabhrach Daonnúla an Aontais’.
In 2014, bunaíodh an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE’ le Rialachán (AE) Uimh. 375/2014. Ba é cuspóir foriomlán an Tionscnaimh rannchuidiú le hacmhainneacht an Aontais a mhéadú agus a fheabhsú chun cabhair dhaonnúil bunaithe ar riachtanais a sholáthar, ar cabhair í atá dírithe ar an méid seo a leanas: (i) beatha a chaomhnú; (ii) fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú; (iii) dínit an duine a chothabháil; agus (iv) acmhainneacht agus athléimneacht pobal i dtríú tíortha atá leochaileach nó atá buailte le tubaiste a neartú (go háirithe trí ullmhúchán in aghaidh tubaiste, laghdú rioscaí tubaistí agus naisc níos fearr idir fóirithint tubaistí, athshlánú agus forbairt tubaistí).

Luadh i Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 gur cheart gníomhaíochtaí an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail na cabhrach daonnúla (i.e. daonnacht, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas) agus leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil[2]. Luadh sa Rialachán freisin gur cheart é a bheith d’aidhm ag gníomhaíochtaí an Tionscnaimh an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) freagairt do riachtanais na bpobal áitiúil agus do cheanglais na n-ósteagraíochtaí; (ii) sábháilteacht agus slándáil saorálaithe is iarrthóirí a áirithiú; (iii) comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta a chur chun cinn; agus (iv) rannchuidiú le héifeachtacht na hearnála daonnúla a fheabhsú.

Leis an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, tugadh saorálaithe agus eagraíochtaí ó thíortha éagsúla le chéile, agus bhí sé d’aidhm aige na nithe seo a leanas a dhreasú agus a chothú: (i) comhoibriú; (ii) eolas agus dea-chleachtais a mhalartú; agus (iii) comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir eagraíochtaí i réimse na cabhrach daonnúla.

Bhí an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) freagrach as cur chun feidhme praiticiúil an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE (i.e. le haghaidh glaonna ar thograí, bainistiú conarthaí, leithreasú buiséid, etc.). Bhí an clár á bhainistiú go dtí 2020 ag an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO), agus le haghaidh na dtionscadal oidhreachta a lean ar aghaidh in 2021 agus 2022, ag an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (AS EAC). Cuireadh deireadh leis an Tionscnamh de réir a chéile ag deireadh 2020 (ach leanadh le cur chun feidhme na dtionscadal leanúnach go dtí 2022) agus rinneadh é a chomhtháthú sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

---

[2] https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/who/european-consensus_ga : Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus iad ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa, agus an Choimisiúin Eorpaigh

## 3. PRÍOMHTHORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA

Bunaithe ar Threoirlínte an Choimisiúin maidir le **Rialáil Níos Fearr**[3], baintear leas sa mheastóireacht as an bhfianaise a cuireadh ar fáil le dhá staidéar sheachtracha, an chéad cheann a rinneadh in 2021[4] agus an dara ceann a rinneadh in 2023-2024[5]. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh **measúnú dearfach foriomlán** ar an Tionscnamh ar fud na gcritéar meastóireachta uile.

---

3 https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga.

4 ADE (2021). Meastóireacht *ex post* ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, 2014-2020. Le fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/1d172a85-0b96-11ec-adb1-01aa75ed71a1/language-ga.

5 Meastóireacht eatramhach ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021-2027, meastóireacht deiridh ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2018-2020 agus meastóireacht deiridh ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE 2014-2020. Ar fáil ag. https://data.europa.eu/doi/10.2766/5736339

### 3.1. Ábharthacht, comhleanúnachas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht — cé chomh rathúil agus a bhí an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach?

*Ábharthacht*

**Príomhthorthaí**

- Bhí an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE **ailínithe leis an ngá atá le fothú acmhainneachta a chur chun cinn in ósteagraíochtaí**, ós rud é gur chuir sé tacaíocht agus saineolas tráthúil riachtanach ar fáil d'eagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Bhí sé **ailínithe go maith freisin leis an ngá atá le feabhas a chur ar shaorálaíocht an Aontais laistigh de réimse na cabhrach daonnúla** trí chur chuige cuimsitheach a úsáid. D'aontaigh formhór na n-eagraíochtaí a ndearnadh suirbhé orthu sa mheastóireacht, nó d'aontaigh siad go láidir, gur tugadh aghaidh leis an Tionscnamh ar riachtanais leanúnacha sna tíortha lagfhorbartha.
- Leis an Tionscnamh, rinneadh an méid seo a leanas freisin: (i) **tugadh aghaidh ar riachtanais agus ábhair imní lárnacha na saorálaithe rannpháirteacha agus na n-ósteagraíochtaí**; (ii) cuireadh feabhas ar scileanna idirdhisciplíneacha na saorálaithe agus na n-ósteagraíochtaí sin; (iii) forbraíodh tuiscint ar riachtanais agus ar dhúshláin na dtíortha lagfhorbartha; agus (iv) tugadh aghaidh ar an ngá atá le daoine a ullmhú do ghairmeacha san fhorbairt idirnáisiúnta.

*Comhleanúnachas*

**Príomhthorthaí**

- Bhí an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE **comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais** (lena n-áirítear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, an iar-Sheirbhís Dheonach Eorpach agus Erasmus+) mar gheall ar a raon feidhme geografach níos leithne agus na cineálacha sonracha gníomhaíochtaí a d'eagraigh sé.
- Cé go raibh cuspóirí an Tionscnaimh comhleanúnach agus ailínithe le clár oibre daonnúil an Aontais, fuarthas amach sa mheastóireacht nach raibh ach fianaise theoranta ann ar shineirgí idir gníomhaíochtaí an Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais i réimsí na cabhrach daonnúla.
- Mheas páirtithe leasmhara go raibh an Tionscnamh comhleanúnach le beartais náisiúnta sna tíortha óstacha. Chonacthas naisc neamhfhoirmiúla idir an Tionscnamh agus roinnt líonraí saorálaithe laistigh de Bhallstáit den Aontas Eorpach.
- Ba mhór ag páirtithe leasmhara an Tionscnamh as acmhainneachtaí áitiúla a neartú, go háirithe trí oiliúint.

**Fuarthas amach sa staidéar meastóireachta is déanaí go raibh an Tionscnamh comhlántach le cláir eile de chuid an Aontais** a thairgeann gníomhaíochtaí saorálaíochta mar gheall ar a raon feidhme geografach níos leithne agus a chineálacha sonracha gníomhaíochtaí. Dála an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, bhain an Tionscnamh le dlúthpháirtíocht ach le béim ar ghníomhaíocht dhaonnúil i dtíortha nach de chuid an Aontais iad.

Cé go raibh cuspóirí an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE comhleanúnach agus ailínithe le clár oibre daonnúil an Aontais, fuarthas amach sa mheastóireacht nach raibh ach fianaise theoranta ann ar shineirgí idir gníomhaíochtaí an Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais i réimsí na cabhrach daonnúla. Dúshlán mór, mar a tugadh faoi deara sa staidéar meastóireachta roimhe seo, is ea gur chuir ábhair imní slándála cosc ar shaorálaithe a imlonnú chuig réigiúin ina raibh iarrachtaí cabhrach daonnúla an Aontais ar siúl le linn tubaistí. Bhí comhleanúnachas an Tionscnaimh le gníomhaíochtaí daonnúla eile de chuid an Aontais teoranta: (i) mar nach bhféadfaí saorálaithe a imlonnú chuig limistéir choinbhleachta[6]; (ii) mar go raibh ábhair imní inmheánacha ann maidir le saorálaithe óga a imlonnú i gcásanna éigeandála[7]; agus (iii) mar gheall ar nósanna imeachta fada earcaíochta agus imlonnaithe. Ina theannta sin, mar a fuarthas amach sa chéad staidéar meastóireachta, bhí easpa faisnéise i measc oifigí allamuigh AS ECHO nó toscaireachtaí eile de chuid an Aontais maidir le gníomhaíochtaí an Tionscnaimh agus bhí idirghníomhaíochtaí teoranta eatarthu[8]. Mar sin féin, ós rud é go raibh an Tionscnamh an-bheag i gcomparáid le cabhair dhaonnúil fhoriomlán an Aontais (leithdháileadh EUR 141 mhilliún ar an Tionscnamh do 2014-2020 faoi Rialachán AE (Uimh) 375/2014 i gcomparáid le buiséad cabhrach daonnúla EUR 13.5 billiún an Choimisiúin Eorpaigh don tréimhse chéanna[9]), cuirtear teorainn freisin leis an mbreathnóireacht a d’fhéadfaí a dhéanamh ar shineirgí níos leithne.

### *Éifeachtacht*

**Príomhthorthaí**

- **Bhí dúshláin shuntasacha roimh an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE maidir leis an líon spriocdhírithe daoine a imlonnaíodh a bhaint amach.** Cé gur tugadh aghaidh ar chuid de na dúshláin sin ina dhiaidh sin, bhí an Tionscnamh buailte go dona ag na srianta taistil le linn phaindéim COVID-19. Tháinig laghdú 90 % ar an líon oibrithe deonacha a bhí ag taisteal thar lear chun obair a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoin Tionscnamh idir 2019 agus 2020.
- **Bhain rannpháirtithe aonair Tionscnaimh tairbhe as scileanna feabhsaithe agus as forbairt ghairmiúil fheabhsaithe**, go háirithe i réimsí ardéilimh amhail bainistiú tionscadal agus oiliúint slándála sular imlonnaíodh iad. Chomh maith leis sin, d’éirigh leis na saorálaithe sin scileanna éagsúla idirdhisciplíneacha a chleachtadh

[6] Airteagal 14(3) den Rialachán 375/2014 maidir le Saorálaithe Cabhrach.
[7] ADE (2021). Meastóireacht *ex post* ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, 2014-2020.
[8] *Ibid*.
[9] Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí DG ECHO 2014-2020.

agus a fhorbairt i gcomhthéacs na forbartha.

- Leis an Tionscnamh, cuidíodh le heagraíochtaí acmhainneacht mhéadaithe a fháil maidir le laghdú rioscaí tubaiste agus maidir le hathléimneacht i dtaca le rioscaí tubaiste, rud a mhéadaigh a n-infheictheacht, a n-inchreidteacht, agus a gcumas oibríochtúil agus cumarsáide. B'éigean d'eagraíochtaí ar mhian leo a bheith rannpháirteach sa Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE agus saorálaithe a imlonnú nó a óstáil a bheith deimhnithe mar eagraíochtaí seolta nó mar ósteagraíochtaí. Foilsíodh glao oscailte in 2015 a chuir ar chumas eagraíochtaí iarratas a dhéanamh go dtí an 30 Meán Fómhair 2020. Faoi dheireadh 2020, deimhníodh 74 eagraíocht seolta agus 296 ósteagraíocht.
- **Chuaigh an Tionscnamh chun tairbhe do na pobail a fuair tacaíocht**, go háirithe na pobail sin a bhí leochaileach do ghuaiseacha nádúrtha agus do shreabha móra imirceach. Leis an Tionscnamh, cuireadh tacaíocht ríthábhachtach ar fáil chun athléimneacht agus cumais bainistithe tubaistí a fhorbairt i limistéir lena mbaineann baol tubaistí.
- Leis an Tionscnamh, méadaíodh an úsáid a baineadh as cuir chuige nuálacha le linn phaindéim COVID-19, amhail saorálaíocht ar líne, chun rannpháirtíocht agus tacaíocht leanúnach an phobail a chinntiú.

*Éifeachtúlacht*

**Príomhthorthaí**

Bhí feidhmiú an bhuiséid agus bainistiú na gclár éifeachtúil i bhfianaise an chomhthéacs inar cuireadh an clár chun feidhme, agus bhí feabhsuithe ag teastáil chun aschuir agus torthaí a thomhas.

- **Ba leor an cistiú** toisc nach raibh sa bhuiséad a caitheadh ach thart ar 76 % de na cistí uile a bhí ar fáil. Tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna ar thionscnamh Shaorálaithe Cabhrach an Aontais a thosú agus moilleanna i dtreo dheireadh ráig COVID-19.
- **Maidir le cur chun feidhme**, bhí caiteachas iarbhír an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE **i gcomhréir leis an sciar de leithdháileadh an bhuiséid a shonraítear** i Rialachán (AE) Uimh. 375/2014. Mar sin féin, níor chomhlíon an Tionscnamh a spriocanna caiteachais agus a sprioc maidir leis an líon saorálaithe rannpháirteacha. Faoi dheireadh 2022, bhí cistiú faighte le haghaidh 1192 duine a imlonnú, méid arb ionann é agus 29 % den sprioc tosaigh de 4175. Dá bhrí sin, tá amhras ann go mbeadh an cistiú atá ar fáil réalaíoch maidir le spriocanna uile an Tionscnaimh a bhaint amach. Léiríonn sé sin gur leithdháil an Tionscnamh 76 % dá bhuiséad chun 29 % dá chuspóirí a bhaint amach. I bhfianaise an mhéid sin, is dócha go mbeadh gá le buiséad i bhfad níos airde chun 100 % den sprioc maidir leis an líon

saorálaithe a imlonnaítear a chomhlíonadh.

- Thairis sin, ní raibh an réasúnaíocht maidir le leithdháileadh an bhuiséid a nascadh leis na gníomhaíochtaí agus na torthaí a rabhthas ag súil leo soiléir. Mar shampla, ní raibh aon nasc sainráite ann idir an buiséad a leithdháileadh agus líon, fad, torthaí agus tionchair imlonnú saorálaithe, agus d’fhéadfadh neamhéifeachtúlachtaí a bheith mar thoradh air sin. D’fhéadfadh Tionscnamh níos costéifeachtaí a bheith bainte amach dá ndéanfaí nasc níos dírí idir na gnéithe sin a áirithiú.
- Chuir moilleanna ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE a thosú agus é a chur chun feidhme le linn COVID-19 le **ráta íseal cur chun feidhme 29 % den sprioc tosaigh**.
- **Maidir le bainistíocht feidhmíochta**, bhí na costais iarbhír in aghaidh na heagraíochta a bhí ag gabháil d’idirghabhálacha 10 % níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús sa bhuiséad, rud a léiríonn leibhéal áirithe cost-éifeachtúlachta.

### 3.2. Breisluach AE – conas a rinneadh difear leis an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE agus cé dó a ndearna sé difear?

**Príomhthorthaí**

- Bhí an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE **ailínithe leis an ngá atá le fothú acmhainneachta a chur chun cinn in ósteagraíochtaí**, ós rud é gur chuir sé tacaíocht agus saineolas tráthúil riachtanach ar fáil d’eagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Bhí an Tionscnamh **ailínithe go maith freisin leis an ngá atá le feabhas a chur ar shaorálaíocht an Aontais laistigh de réimse na cabhrach daonnúla** trí chur chuige cuimsitheach a úsáid. D’aontaigh formhór na n-eagraíochtaí, nó d’aontaigh siad go láidir, gur tugadh aghaidh leis an Tionscnamh ar riachtanais leanúnacha sna tíortha lagfhorbartha.
- **Thug sé aghaidh ar riachtanais lárnacha agus ar ábhair imní na saorálaithe agus na n-ósteagraíochtaí rannpháirteacha**, chuir sé feabhas ar a scileanna idirdhisciplíneacha, agus chuir sé tuiscint ar fáil ar riachtanais agus ar dhúshláin na dtíortha lagfhorbartha. Thug sé aghaidh freisin ar an ngá atá le daoine a ullmhú do ghairmeacha san fhorbairt idirnáisiúnta.

Fuarthas amach i staidéar meastóireachta tosaigh 2021 ar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE go raibh sé ábhartha d’eagraíochtaí agus do dhaoine aonair araon. Mar sin féin, sainaithníodh i staidéar meastóireachta 2021 réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu, go háirithe maidir le tríú páirtithe agus prionsabail dhaonnúla an Aontais a chur chun cinn thar thairbhithe díreacha. Fuarthas amach sa staidéar meastóireachta is déanaí freisin go raibh an Tionscnamh ailínithe le riachtanais na rialtas áitiúil maidir le bainistiú tubaistí agus le tionscnaimh intíre. Léiríodh i suirbhéanna go raibh príomhchuspóirí an Tionscnaimh ailínithe go ginearálta le riachtanais na sochaí, cé gur cheistigh na rannpháirtithe cé acu a

rinne nó nach ndearna na tionscadail athléimneacht an phobail a mhéadú go héifeachtach nó an ndearna sé feasacht ar phrionsabail dhaonnúla an Aontais a ardú.

## 4. CONCLÚIDÍ

Tar éis sheoladh an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, níor baineadh amach an rannpháirtíocht a raibh coinne léi. Le linn na tréimhse 2014-2020, bhí sé d’aidhm leis an Tionscnamh tacú le hoiliúint 4 400 saorálaí agus le himlonnú 4 000 saorálaí. Bhí sé d’aidhm leis freisin cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a sholáthar d’eagraíochtaí rannpháirteacha agus gníomhaíochtaí cumarsáide agus tacaíochta a dhéanamh. Faoi dheireadh 2022, áfach, ní raibh ach 1 192 imlonnú maoinithe (líon arb ionann é agus 29 % den sprioc bhunaidh) agus bhí 788 n-imlonnú curtha i gcrích.

Leis an Tionscnamh, tugadh isteach diansásra deimhniúcháin lenar ceanglaíodh ar eagraíochtaí seolta agus ar ósteagraíochtaí a léiriú go raibh na nósanna imeachta agus na beartais riachtanacha acu chun ardchaighdeáin an chláir maidir le gníomhaíochtaí saorálaíochta a chomhlíonadh, rud a d’fhág go raibh spriocanna uaillmhianacha ann d’eagraíochtaí deimhnithe agus do shaorálaithe a bheith á n-oiliúint agus á n-imlonnú, cé nach raibh an sásra sin i bhfeidhm le linn na céime píolótaí. Fiú murar baineadh amach na spriocanna sin ina n-iomláine, ba é an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE an chéad chéim a bhí ag an Aontas chun tacú le hobair dheonach i gcabhair dhaonnúil.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Tionscadal maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, cruthaíodh snáithe nua cabhrach daonnúla laistigh den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Is é ab aidhm dó sin comhleanúnachas agus sineirge le gníomhaíochtaí saorálaíochta eile an Chóir a mhéadú, ag tógáil ar oidhreacht an Tionscnaimh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE. Tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a leathnú chun cabhair dhaonnúil i dtíortha nach de chuid an Aontais iad a chur san áireamh, tá an clár tar éis a ról mar thairseach uathúil a dhaingniú do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí saorálaíochta agus i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta eile. Mhéadaigh an leathnú sin infheictheacht agus tionchar an chláir laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin araon.

Ar leibhéal an chur chun feidhme, mar thoradh ar cheachtanna a foghlaimíodh ón Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE go háirithe réamhroghnú na saorálaithe is iarrthóirí roimh an oiliúint láraithe éigeantach, tá rochtain i bhfad níos simplí ann do dhaoine óga agus d’eagraíochtaí leasmhara, lena n-áirítear bearta feabhsaithe chun daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a rannpháirtiú sa tsaorálaíocht. Neartaíodh sásraí cáilíochta agus tacaíochta an chláir freisin, agus tá roghanna breise oiliúna agus tacaíochta ar fáil do rannpháirtithe roimh a rannpháirtíocht, lena linn agus ina diaidh.

Ar leibhéal an chur chun feidhme, bhí na ceachtanna a foghlaimíodh ón Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE 2014-2020 ríthábhachtach chun snáithe nua na cabhrach daonnúla den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021-2027 a dhearadh, agus go háirithe sna réimsí seo a leanas:

- A bhuí leis an gceanglas atá ar dhaoine óga ar spéis leo clárú agus a spéis a léiriú ar Thairseach Eorpach na hÓige, tá líon níos leithne saorálaithe is iarrthóirí ar fáil le haghaidh tionscadal.
- Roghnaíonn tionscadail a chistítear faoin snáithe nua seo saorálaithe go díreach ó chomhthiomsú saorálaithe oilte is iarrthóirí, i gcodarsnacht leis an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE lenar ceanglaíodh saorálaithe a réamhroghnú le tionscadail roimh an oiliúint tosaigh láraithe éigeantach. Fágann sé sin go mbeidh níos mó trédhearcachta ann agus giorraítear go mór an tréimhse ama idir roghnú agus imlonnú, agus rud arb é is aidhm dó líon na luathfhágálaithe a laghdú agus cur chun feidhme níos tapúla a bheith ann.
- Tá feabhas tagtha freisin ar bhearta chun daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a rannpháirtiú san obair dheonach. Go deimhin, tá uaillmhian chuimsitheach chláir Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh fréamhaithe ina mbunúis dlí trí chaibidil thiomnaithe maidir le cuimsiú, a bhfuil an Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú le haghaidh 2020-2027 mar bhonn taca léi, agus tríd an gCreat tiomnaithe de bhearta cuimsithe a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2021.
- Tairbhíonn an ghníomhaíocht freisin de na roghanna tacaíochta cothrománacha a chuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fáil, go háirithe an timthriall foghlama, lena n-áirítear *inter alia* oiliúint Ghinearálta ar líne agus Tacaíocht Teanga ar Líne, atá ar fáil ar Acadamh an Aontais do rannpháirtithe roimh a rannpháirtíocht, lena linn agus ina diaidh.